Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí
Junior Cycle Final Examination
Gaeilge T2
Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Triail éisteachta shamplach B

Ceist 1: Cainteoir

Seoirse Ó Curraoin anseo. Tá mé i mo chónaí sna Forbacha i gContae na Gaillimhe. Is aoibhinn liom an áit. Táim cúig bliana déag d'aois. Tá teaghlach mór againn ach is mise an t-aon pháiste atá fós sa teach! Tá cúigear againn san iomlán ach tá an ceathrar eile níos sine ná mise agus imithe ón teach. Tá beirt acu ar an ollscoil i Luimneach agus tá an bheirt is sine ina gcónaí i Londain.

Tom is ainm do m'athair agus Sarah is ainm do mo mháthair. Is innealtóir é mo Dhaid agus is dochtúir í mo Mham. Réitímid go hiontach le chéile. Is aoibhinn liom spórt. Imrím peil Ghaelach agus iománaíocht. Beidh cluiche iománaíochta againn in aghaidh Bhaile an Doirín Dé Sathairn. Táim ag súil go mór leis.

Ceist 2: Píosa nuachta

Beidh club óige nua ag oscailt go hoifigiúil i nGaoth Dobhair, Contae Dhún na nGall, Dé hAoine an 6 Deireadh Fómhair ag a cúig a chloig. Na Réaltaí Óga an t-ainm a bheidh air. Beidh an tAire Ealaíon, Catherine Martin, i láthair ag an oscailt oifigiúil, chomh maith le Emma Ní Fhíoruisce, an sárcheoltóir áitiúil. Tá cuireadh tugtha do thuismitheoirí agus do dhaoine óga an cheantair chuig an oscailt.

Sa chlub féin, beidh go leor gníomhaíochtaí agus imeachtaí ar fáil do dhaoine óga gach seachtain. Mar shampla, beidh ranganna ceoil, cniotála agus drámaíochta ar siúl ann. Beidh ceolchoirm do pháistí ar siúl gach Satharn. Má bhíonn aon tuairimí agaibh faoi imeachtaí éagsula, ba bhreá linn cloisteáil uaibh!

Ceist 3: Comhrá

Barra: Dia duit, a Shorcha! Deas tú a fheiceáil arís! Cén fáth a bhfuil tú anseo i gCorcaigh?

Sorcha: Ó, Dia is Muire duit, a Bharra. Táim féin agus mo chlub rugbaí ar thuras rugbaí anseo. Beimid ag glacadh páirt i mblitzchomórtas rugbaí maidin amárach. Tosaíonn sé ag a naoi agus beidh na cluichí ceannais ar siúl tar éis lóin.

Barra: Tá sé sin go hiontach. Cé mhéad cluiche a bheidh á n-imirt agaibh?

Sorcha: Braitheann sé. Beidh dhá chluiche ar a laghad againn ar maidin. Ach má bhuaimid an dá chluiche sin, rachaimid tríd go dtí an cluiche ceannais.

Barra: Ar fheabhas. Agus céard atá ar siúl agaibh inniu?

Sorcha: Bhuel, bhí seisiún traenála againn ar maidin. Ach ní raibh sé ródhian; nílimid ag iarraidh a bheidh tuirseach roimh an gcomórtas. Anois, táimid ag déanamh beagán siopadóireachta. Cheannaigh mé geansaí rugbaí nua sa siopa spóirt agus gúna nua i siopa éadaí an-deas. Ach táim ag iarraidh dul ar ais cuig an óstán anois chun mo chosa a cur suas! Tráthnóna amárach beidh dinnéar mór againn tar éis an chomórtais. Táim ag súil go mór leis!

Barra: Bhuel, maith thú féin. Cogar, caithfidh mé imeacht. Go n-éirí go geal libh. Slán!

Sorcha: Slán, a Bharra!